

**Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil  
Ollscoil Mhá Nuad**



***Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)***  
**An Scrúdú Cainte**

**Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora  
2017**



## Cúlra

Is é atá i dTeastas Eorpach na Gaeilge ná córas scrúdaithe d'fhoghlaimoirí fásta. Tá córas an Teastais bunaithe ar an *Fhráma Tagartha Comónta Eorpach do na Teangacha: Foghlaim, Teagasc agus Measúnú* (Comhairle na hEorpa, 2001). Forbraíodh an córas mar áis d'fhoghlaimoirí fásta a bhfuil cáilíocht aitheanta sa Ghaeilge de dhíth orthu. Cuireadh *Scrúdú Mheánleibhéal 1* ar siúl den chéad uair i mí na Bealtaine 2006. Tá an scrúdú bunaithe ar shiollabas cuimsitheach atá ar fáil ar an suíomh Gréasáin ag [http://www.teg.ie/fileupload/syllabi/B1\\_syll.pdf](http://www.teg.ie/fileupload/syllabi/B1_syll.pdf) Is féidir teacht ar shonraí an scrúdaithe ar an suíomh Gréasáin, chomh maith le páipéir shamplacha agus eolas eile d'iarrthóirí. Tá ábhar teagaisc samplach faoi choinne an leibhéil seo le fáil ar an suíomh chomh maith.

## An siollabas

Tá siollabas *Scrúdú Mheánleibhéal 1* bunaithe ar an teanga a fhoghlaim tríd an mhodh cumarsáideach agus tá topaicí ginearálta, feidhmeanna teanga agus míreanna gramadaí agus foclóireachta i gceist freisin. Leagtar amach aidhmeanna an tsiollabais maidir leis na ceithre scil teanga (labhairt, cluastuiscint, léamhthuiscint agus scríbhneoireacht) le ráitis 'Beidh an foghlaimoir ábalta ...'. Tá eolas faoi na gnéithe seo go léir den teanga sa siollabas.

## Líon na n-iarrthóirí

Tugtar sa tábla thíos líon na n-iarrthóirí a thug faoi *Scrúdú Mheánleibhéal 1* ón uair a bunaíodh é sa bhliain 2006. Ó 2012 tá páirtchreidiúint ar fáil d'iarrthóirí gur mhaith leo an scrúdú cainte amháin a dhéanamh.

<i>Bliain</i>	<i>Líon iarrthóirí</i>
2006	21
2007	34
2008	115
2009	144
2010	184
2011	99
2012	59*
2013	98*
2014	104*
2015	138*
2016	334* (143PC)
2017	135* (68 PC)

\*Iarrthóirí a thug faoin pháirtchreidiúint (PC) san áireamh.

## Cuntas gairid ar na hiarrthóirí

Tugtar cuireadh do na hiarrthóirí go léir, gach bliain, aiseolas a thabhairt do Lárionad na Gaeilge faoin scrúdú a rinne siad. Iarrtar orthu ceistneoir a líonadh agus a dtuairimí a

thabhairt faoi riar an scrúdaithe agus faoi ábhar agus leagan amach an pháipéir scrúdaithe. Is aiseolas fíorluachmhar é seo agus cabhraíonn sé le Lárionad na Gaeilge feabhas a chur, ar bhonn leanúnach, ar chóras scrúdaithe Theastas Eorpach na Gaeilge.

#### *Aois, inscne agus náisiúntacht*

Mná ba ea thart ar 71% de na hiarrthóirí in 2017. Éireannaigh ba ea beagnach 90% de na hiarrthóirí ar fad.

#### *Cuntas gairid ar phróifíl oibre na n-iarrthóirí*

Tugtar eolas sa tábla thíos maidir le próifíl oibre na n-iarrthóirí sa bhliain 2017.

<b>Próifíl oibre</b>	<b>Céatadán</b>
Mac léinn	64.4%
Ag obair	26.9%
Éirithe as	4.7%
Dífhostaithe	2%
Fear tí / bean tí	2%

#### *An fáth ar thug na hiarrthóirí faoin scrúdú*

Lorgaíodh eolas ó iarrthóirí maidir leis na cúiseanna ar thug siad faoi *Scrúdú Mheánleibhéal 1*. Thug go leor de na hiarrthóirí níos mó ná cúis amháin.

Tá torthaí na bliana 2017 sa tábla thíos (níl mic léinn dara leibhéil a rinne an scrúdú san áireamh anseo).

<b>Na cúiseanna a ndearna iarrthóirí an scrúdú</b>	<b>Céatadán</b>
Le cabhrú liom dul chun cinn i mo phost	25%
Ar éileamh m'fhostóra	3%
Le cabhrú liom áit a fháil ar chúrsa bunmhúinteoireachta	8%
Le cabhrú le hoideachas mo pháistí	6%
DúIL sa teanga	26%
Ar chúiseanna eile	22%

#### *Eolas na n-iarrthóirí ar an Ghaeilge*

Cuireadh ceist ar na hiarrthóirí faoin staidéar a bhí déanta acu ar an teanga sa chóras oideachais in Éirinn agus léirítear torthaí na bliana 2017 sa tábla thíos.

<b>Cén leibhéal is airde teagaisc a fuair tú sa Ghaeilge sa chóras oideachais?</b>	<b>Céatadán</b>
Ní dhearna mé Gaeilge ar scoil	12%
Meánscoil	87%
3ú leibhéal	1%

### **Na hionaid scrúdaithe**

Sa bhliain 2006 ba in Ollscoil Mhá Nuad amháin a reáchtáladh *Scrúdú Mheánleibhéal 1*. Toisc an t-éileamh a bheith ag méadú, áfach, cuireadh le líon na n-ionad scrúdaithe agus ó shin i leith reáchtáiltear *Scrúdú Mheánleibhéal 1* sna hionaid seo a leanas (ag brath ar éileamh):

- Ollscoil Mhá Nuad
- An Spidéal, Co. na Gaillimhe
- Gaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall
- Leitir Ceanainn
- Caisleán an Bharraigh
- Luimneach
- Corcaigh
- Cill Áirne
- Cill Chainnigh
- Béal Feirste
- Ollscoil Charles, Prág
- Centre Culturel Irlandais, Páras
- Ollscoil Nua-Eabhrac, Nua-Eabhrac
- Ollscoil Toronto
- Ollscoil Ottawa

### **An scrúdú**

Is mar seo a leanas a roinntear na marcanna i *Scrúdú Mheánleibhéal 1*:

Labhairt	30%
Cluastuisicint	25%
Léamhthuisicint	25%
Scríbhneoireacht	20%

### **An grádú**

Is é atá sa mharc deiridh a fhaigheann an t-iarrthóir i *Scrúdú Mheánleibhéal 1* ná comhiomlán na marcanna a fhaigheann an t-iarrthóir i ngach ceann de cheithre chomhpháirt an scrúdaithe (cluastuisicint, labhairt, léamhthuisicint agus scríbhneoireacht). Níl aon phasmharc íosta ann do na comhphárteanna féin.

Seo a leanas, sa tábla thíos, an grádú a dhéantar ar na marcanna sa scrúdú.

<i>Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)</i>	
80 - 100%	Pas le gradam
65 - 79%	Pas le tuillteanas
50 - 64%	Pas
0 - 49%	Teip

### Na gráid a bronnadh sa bhliain 2017

Seo a leanas, sa tábla thíos, briseadh síos ar na gráid a bronnadh ar iarrthóirí a rinne *Scrúdú Mheánleibhéal 1* in 2017. (Tugtar figiúirí 2015 i lúibíní).

a) Lánchreidiúint

<i>Grád</i>	<i>Céatadán na n-iarrthóirí 2017</i>
Pas le gradam	12.1% (12.9%)
Pas le tuillteanas	34.8% (31.2%)
Pas	27.3% (38.7%)
Teip	25.8% (17.2%)

b) Páirtchreidiúint (scrúdú cainte)

<i>Grád</i>	<i>Céatadán na n-iarrthóirí 2017</i>
Pas	82.4% (80.5%)
Teip	17.6% (19.5%)

### **An scrúdú cainte**

Iarrthóirí amháin a chuirtear faoi scrúdú ag aon am amháin. Bíonn beirt scrúdaitheoirí i láthair, duine amháin acu sin ag plé leis an iarrthóir, ag cur na gceisteanna agus ag riar an scrúdaithe. Déantar taifeadadh ar na scrúduithe cainte ar fad d'fhonn monatóireacht a dhéanamh agus ar mhaithe le taighde agus traenáil. Beifear ag súil go mbeidh iarrthóirí in ann tuairimí simplí a nochtadh maidir le hábhair a bhaineann lena saol féin agus cur síos a dhéanamh ar rudaí a tharla dóibh agus ar phleananna atá acu. Beifear ag súil freisin go léireoidh na hiarrthóirí ag an leibhéal seo go bhfuil ar a gcumas píosa níos faide cainte a eagrú agus a chur i dtoll a chéile ná mar a dhéanann iarrthóirí ag Bonnleibhéal 2 (A2). Tá na sonraí a bhaineann leis an scrúdú cainte leagtha amach sa tábla thíos. **Tabhair faoi deara go bhfuil rannóg nua sa scrúdú cainte do scrúduithe B1 2019 ar aghaidh. Beidh trí rannóg ar fad**

sa scrúdú cainte anois. Tá gach eolas le fáil sa Treoir agus sna scrúduithe samplacha cainte ar <http://www.teg.ie/léibheil-scrúduithe/meánleibhéal-1-b1.254.html> .

<i>Cuid</i>	<i>Am</i>	<i>Cineál taisc</i>	<i>Feidhmeanna teanga</i>
<b>1</b>	5-6 nóiméad	Cuirtear ceisteanna ar an iarrthóir faoina s(h)aol laethúil (áit chónaithe, teaghlach, obair, caitheamh aimsire, laethanta saoire, taisteal srl.).	Ag tabhairt eolais agus ag léiriú tuairimí.
<b>2</b>	3-4 nóiméad	Ag insint scéal simplí: Tugtar sraith de 6 phictiúr don iarrthóir agus tá dhá nóiméad aige/aici le féachaint orthu. Ansin déanann an t-iarrthóir cur síos ar an mhéid atá ag tarlú sna pictiúir.	Ag déanamh cur síos ar phictiúir agus ar an mhéid atá ag tarlú iontu.

*Na marcanna a bronnadh sa scrúdú cainte*

Léiríonn an tábla thíos na marcanna a ghnóthaigh iarrthóirí sa scrúdú cainte in 2017. Tugtar marcanna 2015 i lúibíní.

(a) Iarrthóirí a rinne lánchreidiúint:

<i>2017</i>	
Líon iarrthóirí a fuair 72% (91.4%) 50% nó níos mó	
Líon iarrthóirí a fuair 18% (8.6%) níos lú ná 50%	

(b) Iarrthóirí a rinne an pháirtchreidiúint: (scrúdú cainte)

<i>2017</i>	
Líon iarrthóirí a fuair 50% 82.4% (80.5%) nó níos mó	
Líon iarrthóirí a fuair níos lú ná 50% 17.6% (19.5%)	

*An scrúdú cainte - comhairle agus moltaí d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí*

Maidir leis na hiarrthóirí a rinne lánchreidiúint, tháinig laghdú ar an líon acu a fuair pas sa scrúdú cainte in 2017 i gcomparáid le 2015. Ní raibh aon mhórathruithe ann maidir leis na torthaí a fuair iarrthóirí a thug faoin pháirtchreidiúint.

Tá roinnt pointí thíos ar cheart aird a dhíriú orthu (féach chomh maith an méid atá i dTuairisc Scrúdú Bhonnleibhéal 2).

- I gCuid 1 sa scrúdú cainte cuirtear ceisteanna ginearálta ar iarrthóirí faoi thopaicí a bhaineann go dlúth lena saol féin. Bítear ag súil le hiarrthóirí atá ag déanamh Scrúdú Mheánleibhéal 1 a bheith in ann a gcuid freagraí a fhorbairt go measartha maith. Bíonn sé an-deacair breithiúnas ceart a thabhairt ar chumas Gaeilge iarrthóra nuair nach ndéanann sé/sí aon fhorbairt ar aon cheann de na ceisteanna. Ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann a gcuid freagraí a leathnú agus samplaí a sholáthar, más gá. Féach, mar shampla, caint iarrthóra 3 thíos. Ar ndóigh, tuigtear nach mbeidh caint aon iarrthóra ag an leibhéal seo saor ó locht ná ó bhotúin.

Scrúdaitheoir: An bhfuil tú ag freastal ar chúrsa Gaeilge faoi láthair?

Iarrthóir 1: Tá. Tá mé ag dul chuig rang sa chathair.

Iarrthóir 2: Rinne mé ceann an bhliain seo caite – bhí sé go maith.

Iarrthóir 3: Tá. Tá mé ag freastal ar chúrsa istigh i lár na cathrach. Bíonn sé ar siúl gach Luan agus bainim an-sult as de ghnáth. Déanaimid gramadach agus cluichí. Bíonn an ghramadach leadránach ach bíonn spórt againn leis na cluichí. Tá an múinteoir an-mhaith ar fad.

- Bíonn claonadh ag roinnt iarrthóirí focail Bhéarla a úsáid ina gcuid cainte. Tá dhá rud le rá faoi seo. Ar dtús, bheifí ag súil go mbeadh an bunfhoclóir atá le fáil i Siollabais A1, A2 agus B1 ar eolas ag iarrthóirí. Mar sin, is cinnte go gcaillfidh siad marcanna má bhíonn focail ar nós *hotel*, *wage* nó *film* in úsáid acu. Chomh maith leis sin, ba cheart go mbeadh na straitéisí cuí ag iarrthóirí le bearnaí ina gcuid eolais a chúiteamh nó chun déileáil le haon deacrachtaí a thagann chun cinn agus iad i mbun cumarsáide leis an scrúdaitheoir. Is samplaí de sin soiléiriú a lorg nó iarraidh ar an scrúdaitheoir rud a rá den dara huair, focal nó frása a rá ar bhealach eile, a rá go bhfuil focal éigin ann nach dtuigeann siad, úsáid a bhaint as frása faoi leith le deis mhachnaimh a fháil agus araile.
- Seo thíos roinnt de na botúin is coitianta a rinne iarrthóirí ag an leibhéal seo sa scrúdú cainte:
  - (1) Na haimsirí measctha in abairtí mar seo – ‘*Bhuail mé le daoine agus bímid ag ceol le chéile*’ (*Buailim le daoine...*), ‘*Bím ag seinm ar an ghiotár agus uaireanta beidh mé ag canadh*’ (*...agus uaireanta bímid ag canadh*), ‘*Gach lá d’fhág mé an teach ar a hocht*’ (*...fágaim an teach ar a hocht*). Bheifí ag súil leis ag an leibhéal seo go mbeadh smacht an-mhaith ar fad ag iarrthóirí ar an aimsir láithreach agus ar an aimsir chaite, go háirithe agus iad ag plé le topaicí ar nós a saol oibre agus caitheamh aimsire.
  - (2) Fághtar an séimhiú ar lár tar éis ‘gur’ e.g. ‘*Dúirt sé gur cas sé le Máire*’ (*Dúirt sé gur chas sé le Máire*).
  - (3) Úsáid na copaille e.g. ‘*Tá siad daoine óga*’ (*Is daoine óga iad*), ‘*Tá mé altra*’ (*Is altra mé/Altra atá ionam*).
  - (4) Úsáid na n-uimhreacha e.g. ‘*beirt duine*’ (*beirt*), ‘*triúr chara*’ (*triúr cara*), ‘*An dara phictiúr*’ (*an dara pictiúr*).

(5) Is minic a thugann iarrthóirí, fiú ag an leibhéal seo, 'Is ea' nó 'Tá' mar fhreagra ar gach cineál ceiste. Féach na samplaí thíos:

Scrúdaitheoir: An maith leat ceol?  
Iarrthóir: Is ea. (Is maith /Ní maith).

Scrúdaitheoir: An imríonn tú aon spórt?  
Iarrthóir: Is ea. (Imrím / Ní imrím).

Scrúdaitheoir: An as Corcaigh tú?  
Iarrthóir: Tá. / Tá mé. (Is ea / Ní hea).

Scrúdaitheoir: An tusa is óige sa chlann?  
Iarrthóir: Tá. Tá mé. (Is mé. Ní mé).

(6) Réamhfhocail shimplí agus réamhfhocail leis an alt e.g. 'Tá clog sa balla' (Tá clog ar an bhalla/mballa), 'Tharla rud éigin go dtí an buachail' (Tharla rud éigin don bhuchail), 'Tá eagla aici' (Tá eagla uirthi), 'Tá sé ar an cathaoir' (Tá sé ar an chathaoir/gcathaoir).

(7) Forainmneacha réamhfhocla e.g. 'D'inis mé leo' (D'inis mé dóibh).

(8) An focal 'cúpla' agus uimhir iolra in ionad uimhir uatha e.g. 'Téim ag siúl le cúpla daoine eile' (Téim ag siúl le cúpla duine eile).

(9) An briathar 'cónaigh' e.g. 'Tá mé i mo cónaí i ...' (Tá mé i mo chónaí i ...), 'Tá sí ina cónaí i ...' (Tá sí ina cónaí i ...).

### Moltaí ginearálta

- Moltar go láidir do mhúinteoirí agus d'iarrthóirí grinnstaidéar a dhéanamh ar an dá scrúdú shamplacha agus ar na teoracha a théann leo ar an suíomh ag <http://www.teg.ie/léibheil-scrúduithe/meánleibhéal-1-b1.254.html>
- Tá teacht chomh maith ar ábhar samplach teagaisc atá oiriúnach do mhúinteoirí a bhíonn ag ullmhú iarrthóirí do *Scrúdú Mheánleibhéal 1*. Tá teacht ar threoracha don mhúinteoir, bileoga oibre agus comhaid fuaime ag <http://www.teg.ie/naisc-acmhainní/ábhar-teagaisc.289.html>
- Tá acmhainní eile foghlama agus teagaisc ann a bheadh úsáideach do mhúinteoirí agus d'fhoghlaiméoirí ag an leibhéal seo. Féach, mar shampla, na cleachtaí a bhunaítear ar Nuacht TG4 agus atá le fáil ar shuíomh Lárionad na Gaeilge ag <http://vifax.maynoothuniversity.ie/>
- Iarrtar ar mhúinteoirí agus ar iarrthóirí a bhfuil sé i gceist acu tabhairt faoi aon cheann de scrúduithe Theastas Eorpach na Gaeilge an t-eolas agus na moltaí a thugtar ar an suíomh a léamh go cúramach. Tá siad le fáil ach na naisc ar na leathanaigh seo a leanúint



<http://www.teg.ie/eolas-moltaí.173.html> agus <http://www.teg.ie/ceisteanna-coitianta.206.html>